

Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí

Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe

An Clár Ábhar

An Réamhrá	5
Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta	5
Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe	6
An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích	6
Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh	7
Measúnuithe Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach	9
Measúnú Rangbhunaithe 1: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú	10
Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích	10
Ullmhúchán	11
Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích	13
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú	16
Na Gnéithe Cáilíochta	16
Na chéad chéimeanna eile	19
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	19
Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú	20
Aiseolas a úsáid	20
Toradh a cheistiú	21
Measúnú Rangbhunaithe 2: Féin-anailís agus measúnú an scoláire	21
Treoirlínte chun an Measúnú Rangbhunaithe: Féin-anailís agus measúnú an scoláire a chur i gcrích	22
Ullmhúchán	22
Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích	24
An leibhéal gnóthachtála a chinneadh	26
Na Gnéithe Cáilíochta	26

Na chéad chéimeanna eile	29
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	29
Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuirisciú	30
Aiseolas a úsáid	30
Toradh a cheistiú	31
An measúnú deiridh stát-deimhnithe	31
Aguisín A: Teimpléad taighde an scoláire.	32
Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	34
Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair: Tuarascáil an Éascaitheora	39

An Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí: Treoiríníte do na Measúnuithe Rangbhunaithe*:

- eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme na Measúnuithe Rangbhunaithe ar a bhfuil cur síos sa tsonraíocht le haghaidh Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí
- na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- treoiríníte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba chóir na treoiríníte seo a úsáid leis an tsonraíocht churaclaim do Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí agus leis an ábhar tacaíochta do mheasúnú a chuireann CNCM ar fáil ar líne, ina bhfuil tuilleadh sonraí faoin bpróiseas athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair agus faoi gnéithe eile den mheasúnú don tsraith shóisearach a leagtar amach sna treoiríníte seo.

Is féidir teacht ar an gcáipéisíocht ar fad ar <https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Applied-Technology>. Tugtar breac-chuntas ar an measúnú don tsraith shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ar <https://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf>.

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrath nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht ábhair. Cuirtear i gcrích iad sa tréimhse a thugtar do Theicneolaíocht Fheidhmeach, .i. 200 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoiríníte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás na Measúnuithe Rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora ar mhaithe leis an Athbhreithniú

ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a ghnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

Neamhspleáchas na scoile i leith an scoláire a ullmhú do na

Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Bíonn rogha topaicí agus leaganacha amach ag an scoláire agus ag an múinteoir le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tabhairt faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe agus iad a chur i láthair le haghaidh an mheasúnaithe chun deis a thabhairt don scoláire tabhairt faoi na rudaí a bhfuil spéis aige féin iontu agus a spreagann é. I gcás an dá Mheasúnú Rangbhunaithe, spreagtar an scoláire le húsáid a bhaint as ábhair thacaíochta éagsúla agus a chuid oibre a chur i láthair i leaganacha amach éagsúla. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte seo, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na dtopaicí do na measúnuithe a shocrú go neamhspleách.

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a

chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- a chinntiú go dtugtar *Sonraíocht Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí* agus *Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí: na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- tacú leis an múinteoir na tuairisceoirí leibhéil a bhronnadh ar gach scoláire a thaifeadh

- taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair
- na treoirlínte do na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm
- cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe leanúnacha na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú>.

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfadh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfadh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais an taisc a shoiléiriú
- samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil na measúnuithe a éascú
- tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

Tabhair faoi deara nach féidir glacadh ach le hobair an scoláire féin lena mheas i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh

Éascaíonn an scoil cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na

tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Measúnuithe Rangbhunaithe sa

Teicneolaíocht Fheidhmeach

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Déantar iad a mheasúnú ar leibhéal comónta. Baineann siad leis na torthaí foghlama agus tugann an scoláire fúthu laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga de réir amchlár náisiúnta (arna chur in iúl ag CNCM) i rith an fhéilire scoile. Cuirfear an tráthchlár seo le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh gach ábhair ar fáil gach bliain ar www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach agus www.curriculumonline.ie/Junior-cycle. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an sceideal táscach le haghaidh na Teicneolaíochta Feidhmí i dTábla 1 thíos.

Measúnuithe Rangbhunaithe	Leagan amach	Ullmhúchán an scoláire
Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú	<p>Iniúchadh agus cur i láthair maidir le réiteach córais rialaithe</p> <p>Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach</p> <p>Is féidir le scoláirí comhoibriú le chéile, ach ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair</p>	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir
Féin-anailís agus measúnú an scoláire	<p>Anailís aonair ar a chuid scileanna féin</p> <p>Is féidir an fhreagairt a chur i láthair i réimse leathan leaganacha amach</p>	I rith trí seachtaine ar a mhéad, le tacaíocht/treoir ón múinteoir

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe le haghaidh na Teicneolaíochta Feidhmí

Measúnú Rangbhunaithe 1: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Cuirfear Córais rialaithe¹ a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú i gcrích i dtréimhse trí seachtaine. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre réimse gníomhaíochta, agus déanfaidh sé taifeadadh orthu ina thaifead foghlama, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

- taighde agus anailís
- feidhm
- measúnú a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe
- a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Nuair a bheidh an taighde agus anailís déanta, ba cheart don scoláire a chuid torthaí a cheangal le míniú ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an córas rialaithe atá roghnaithe aige. Is féidir leis an scoláire leas a bhaint as eolas atá ann cheana ar an gcóras rialaithe atá roghnaithe aige ach ba cheart dó tacú lena chuid idéanna leis an taighde atá déanta aige chun tuiscint bhreisithe a fháil ar na córais rialaithe atá roghnaithe aige. Ach a bheith ag gabháil dó ar an mbealach sin, ba cheart go mbeadh an scoláire ag léiriú tuisceana ar a thopaic féin agus ba cheart go mbeadh sé ag déanamh machnamh ar an bhfaisnéis rithábhachtach a bheidh de dhíth chun a chuid torthaí a chur in iúl go cruinn.

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.

Treoirínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i

gcrích


¹ Córas rialaithe = Córas rialaithe nuair a úsáidtear comhpháirteanna a mhodhnú iompar córais ionas go n-iompraíonn sé ar bhealach ar leith n'fhéadfadh sé a iompar ar bhealach ar leith

Leagtar amach i bhFíor 1 an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire a Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.



Fíor 1 Próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Ullmhúchán



Ullmhúchán an scoláire

Cé go bhfuil naisc láidre ag an Measúnú Rangbhunaithe seo leis na snáitheanna *Fuinneamh agus rialú* agus *An teicneolaíocht agus an tsochaí*, ba chóir go mbeadh roinnt eolais, tuisceana agus scileanna forbartha ag an scoláire thar na trí shnáithe staidéir sa Teicneolaíocht Fheidhmeach sula dtugann sé faoin gcéad Mheasúnú Rangbhunaithe. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Theicneolaíocht Fheidhmeach, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde agus measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú**. Nuair a thagann deiseanna chun cinn, ba chóir a fhiosracht a chothú chun topaicí agus smaointe a bhfuil spéis aige iontu a fhiosrú agus ba chóir é a spreagadh le naisc ábhartha a shainathint idir an fhoghlaim sa rang agus an gnáthshaol. Rachaidh taithí dá leithéid chun tairbhe dó agus é ag dul i ngleic leis an Measúnú Rangbhunaithe ag leibhéal atá oiriúnach dá aois agus dá chéim foghlama.

Cuireann an Measúnú Rangbhunaithe seo fiosracht agus rannpháirtíocht an scoláire chun cinn nuair a dhéanann an scoláire:

- spreagadh a fháil chun a thimpeallacht a fhiosrú le haghaidh gnéithe teicneolaíocha
- an córas rialaithe ar a ndíreoidh a fhreagairt a shainaithint agus a roghnú
- an leagan amach (na leaganacha amach) ina gcuirfear an fhreagairt i láthair a roghnú
- réimse leathan foinsí meán a mheas chun a chinntiú go ndéantar taighde agus breithniú ar réimse níos leithne dearcthaí
- comhoibriú trí phlé agus fiosrú an eolais ar a ndearnadh taighde

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.


Ullmhúchán an mhúinteora

Ba chóir pleanáil le haghaidh teagasc, foghlama agus measúnú eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Measúnú Rangbhunaithe, **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** i gcrích, agus ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh.

Nuair is féidir, moltar go bpléadh an múinteoir an Measúnú Rangbhunaithe le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus foghlaim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Moltar don mhúinteoir an scoláire a éascú chun an bhaint atá ag an méid atá á fhoghlaim aige leis an ngnáthshaoil a fheiceáil. Moltar cur chuige neamhlíneach i leith torthaí foghlama agus snáitheanna i sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí. Tabharfaidh sé sin deis don scoláire idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí sna réimsí difriúla staidéir a fheiceáil. D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie:

- *Sonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí*
- *Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe*
- samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (<https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú>).

Measúnú Rangbhunaithe 1 a chur i gcrích



Cuirfear **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** i gcrích i dtréimhse trí seachtaine. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo rachaidh an scoláire i ngleic le ceithre réimse gníomhaíochta, agus déanfaidh sé taifeadadh orthu ina thaifead foghlama, a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

1. taighde agus anailís
2. coincheapa agus cur i bhfeidhm
3. measúnú a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe
4. a Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Is féidir sonraí breise maidir leis an loga foghlama a fháil ar lch 16.

1. Taighde agus anailís

Agus an Measúnú Rangbhunaithe á chur i gcrích, díritear ar scileanna taighde an scoláire a fhorbairt. Nuair a chinneann an scoláire agus an múinteoir ar an gcineál cur chuige ar mian leo a leanúint chun córas rialaithe a fhiosrú, ba cheart don scoláire a idé nó idéanna a shainiú trí thobsmainteoireacht a dhéanamh ar eochairfhocail, ar fhrásaí agus ar phíosaí faisnéise eile a bheidh ina gcuidiú lena chuid taighde. Beidh ar gach scoláire sonraí agus faisnéis a bhailiú ó fhoinsí difriúla ar mhaithe le taighde a dhéanamh ar an tionscadal. Caithfidh gach scoláire aonair a thaighde allamuigh (taighde príomhúil) féin agus/nó roinnt taighde deisce (taighde tánaisteach) a dhéanamh. Cuirtear roinnt ceannteideal féideartha ar fáil in Agusín A ar féidir leis an scoláire iad a chur san áireamh ina loga foghlama. Tá sé tábhachtach do gach scoláire taifead a choinneáil ar fhoirse/fhoinsí an eolais ar fad a bhaileofar lena

chinntiú go bhféadfar a n-iontaofacht agus a gcáilíocht a mheas, agus gur féidir tagairt a dhéanamh do na foinsí sin sa tasc. Ba chóir é a spreagadh chun cuardach éifeachtach a dhéanamh ar ábhar, agus é a mheas agus a shintéisiú. Tá sampla de chórais rialaithe fhéideartha le fáil thíos.

- Fiosraigh an córas le haghaidh stop éigeandála i gceardlann
- An córas soilsihte uathoibríoch i ndorchla
- Córas dul isteach/amach ó fhoirgneamh
- Múchtóir dóiteáin
- Córas rialaithe cumarsáide
- Córas raidió-rialaithe
- Córas gluaisne-rialaithe chun cuimsiú a fheabhsú inár scoil

2. Coincheapa agus cur i bhfeidhm

Nuair a bheidh an taighde agus an anailís déanta, ba cheart do na mic léinn a gcuid torthaí a cheangal le feidhm shainithe² an chórais rialaithe roghnaithe a chur in iúl. Nuair a dhéanfar naisc bhunúsacha a chruthú idir idéanna agus coincheapa gaolmhara an scoláire, ba cheart an scoláire a spreagadh chun coincheapa nua a chur chun cinn agus a aimsiú lena dtugtar tacaíocht don topaic fiosrúcháin atá roghnaithe aige. Is féidir leis an scoláire leas a bhaint as eolas atá ann cheana ar an gcóras rialaithe atá roghnaithe aige ach ba cheart dó a chuid idéanna a thacú leis an taighde atá déanta aige chun eolas breisithe a fháil d'fhonn feidhmeanna oiriúnacha na gcórais rialaithe atá roghnaithe aige a shainiú. Ach a bheith ag gabháil dó ar an mbealach sin, ba cheart go mbeadh an scoláire ag léiriú tuisceana ar a thopaic féin agus ba cheart go mbeadh sé ag déanamh machnamh ar an bhfaisnéis rithabhachtach a bheidh de dhíth chun a chuid torthaí a chur in iúl go cruinn.

3. Measúnú a dhéanamh ar a Mheasúnú Rangbhunaithe

I ndiaidh don scoláire tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú**, lena thopaic roghnaithe, ba chóir go mbeadh ar a chumas:

² Príomhfeidhmiúlacht a mhíniú nó a thuairisciú

- Measúnú a dhéanamh ar an méid a d'fhoghlaim sé faoin gcóras rialaithe a raibh an tasc dírithe air
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas lena ndearnadh é a threorú ó thús go deireadh na hoibre atá curtha isteach aige.

Seo a leanas réimsí a d'fhéadfaí a chur san áireamh ag an gcéim sin:

- Tábhacht na topaice ó thaobh cúrsaí pearsanta, áitiúla, sóisialta nó comhshaoil a fhiosrú
- An raibh sé in ann a chuid eolais, tuisceana agus smaointe a chur i bhfeidhm ar an topaic roghnaithe
- Tuairimí difriúla a bhaineann leis an topaic roghnaithe a mhíniú nuair is cuí
- Machnamh a dhéanamh ar an méid a chreid sé faoin topaic roimh an taighde agus ar an méid a chreideann sé anois

I mbeagán focal, ba chóir don scoláire iarracht a dhéanamh teacht ar thuairim phearsanta maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe.

4. A Mheasúnú Rangbhunaithe a chur in iúl.

Déanfaidh gach scoláire cur i láthair ar an méid a d'fhoghlaim sé ón iniúchadh a rinne sé ar chóras rialaithe i suíomh a roghnaigh sé féin. Ba chóir dó an fhaisnéis a chur i láthair ina chuid focal féin chun a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta aige ar an eolas agus ar na smaointe a bhaineann leis an topaic roghnaithe. Ba cheart go spreagfaí an scoláire an fhaisnéis a shainithint lena gcuirtear a chuid oibre in iúl ar an mbealach is fearr agus an meán is oiriúnaí trína gcuirfear i láthair í a roghnú.

Fianaise ar fhoghlaim

Iarrtar ar an scoláire a Mheasúnú Rangbhunaithe a thaifeadadh agus loga foghlama aonair á úsáid. Is féidir an taifead foghlama a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach atá oiriúnach chun smaointe an scoláire a ghabháil. Mar shampla:

- I scríbhinn, amhail tuarascáil
- I bhfoirm dhigiteach, amhail blog, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- I bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach nó taispeántas

- I bhfoirm fuaime, amhail podchraoladh nó guthú

Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den chaoi a bhféadfaí an taifead foghlama a fhorbairt. Is féidir leis an scoláire samháltáin nó fréamhshamhlacha a chur i láthair mar chuid dá thaisceadh chun tacú lena loga foghlama.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh: Córais rialaithe

a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú



Na Gnéithe Cáilíochta

Is ann do cheithre thuarisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuarisceoir sin. Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (ag tosú le Níor chomhlíon na hionchais go fóill) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d’obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas

an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile. Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar <https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Applied-Technology> le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d’aidhm leo comhthuisct a bhaint amach ar chaighdeán agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirlínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Na Gnéithe Cáilíochta: Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú

Thar barr ar fad

Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

- Léiríodh le modh an taighde a roghnaíodh comparáid idir raon foinsí a raibh táirgeadh anailíse cuimsithí agus mionsonraithe ar na sonraí/torthaí mar thoradh air.
- Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le hardleibhéal sonraí lena léiríodh tuiscint shármhaith ar a fheidhm shainithe
- Bhí fianaise ar mheasúnú criticiúil ar a thasc ar feadh an ama a raibh mionleasuithe ag céimeanna éagsúla mar thoradh air agus conclúidí
- Tá cur i láthair an tasc ar chaighdeán sármhaith; agus úsáid á baint as meán éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl ar an mbealach is fearr.

Os cionn na n-ionchas

Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh éifeachtach don topaic agus gineadh leibhéal grinn anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí.
- Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe go mionsonraithe lena léiríodh tuiscint an-mhaith ar a fheidhm shainithe
- Tá an measúnú a rinne sé ar an tasc ar ardleibhéal, le conclúidí ábhartha agus cruinne
- Cuirtear an tasc i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an tasc in iúl go cruinn.

Ag teacht leis na hionchais

Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh iomchuí don topaic agus gineadh roinnt anailíse leis/leo ar na sonraí/torthaí.
- Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le tagairt éigin dá fheidhmiúlacht shainithe
- Bhí an measúnú iomchuí agus tá na conclúidí gearr
- Cuirtear an tasc i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis a chuirfear in iúl chun an tasc a thaispeáint ar an mbealach is fearr

Níor chomhlíon na hionchais go fóill


Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

- Bhí modh an taighde a roghnaíodh don topaic/don tsaincheist neamhéifeachtach agus níl mórán téagair san anailís ar na sonraí/torthaí.
- Rinneadh iniúchadh ar an gcóras rialaithe a bhí roghnaithe le beagán sonraí, agus le beagán tagartha nó gan tagairt ar bith dá fheidhmiúlacht shainithe
- Is beag a thairgtear mar chonclúidí nó ní thairgtear conclúidí ar bith le measúnú an tasc
- Cuirtear an tasc i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar/taifeadfar samplaí de **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaimhe nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcemara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir fearas scoile seachas fearas pearsanta a úsáid. Ba chóir aird a thabhairt ar threoirínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas

úsáide inghlactha agus cosanta sonraí na scoile. [Ní bhaineann sé seo ach leis na hábhair ina dtaifeadfar na scoláirí]

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>

Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d’Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil i dtaobh **Córais rialaithe a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs áitiúil a fhiosrú** a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire,

agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

Measúnú Rangbhunaithe 2: Féin-anailís agus measúnú an scoláire

Tugann **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** deis don scoláire anailís a dhéanamh ar an obair chúrsa a rinne sé agus ar na scileanna atá aige go dtí seo sa Teicneolaíocht Fheidhmeach. Díreoidh an scoláire an anailís agus an measúnú ar réimse tascanna nó ar thasc ar leith. Beifear ag súil go ndéanfaidh an scoláire athbhreithniú criticiúil ar an dul chun cinn a rinne sé agus go sainaithneodh sé réimsí ina bhfuil sé láidir agus réimsí arbh fhéidir leis feabhas a chur orthu, ag féachaint le bonn eolais a chur faoina obair do thionscadal Choimisiún na Scrúduithe Stáit níos faide anonn.


Is é an tábhacht a bhaineann leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, **Féin-anailís agus measúnú an scoláire**, go bhfaigheann an scoláire deis a bheith ag cleachtadh le machnamh a dhéanamh ar na cumais atá aige roimh thosú ar pháirt oibre. Nuair a bheidh an fhéinanailís déanta ag an scoláire, ní mór dó an anailís a léirmhíniú agus na torthaí a mheasúnú mar threoir chuiditheach don tionscadal a bheidh le déanamh go luath. Féadfaidh an scoláire meáin oiriúnacha ar bith a ghabhann an próiseas a úsáid chun an próiseas féinanailíse agus measúnaithe a chur in iúl. Chun cuidiú lena chur chuige a struchtúrú maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire a chuid oibre a dhíriú ar na bealaí seo a leanas:

- Féinanailís ar ghnéithe den obair chúrsa
- Breithiúnais a thabhairt
- An Measúnú Rangbhunaithe a Chur in Iúl

Beidh na torthaí foghlama ar a ndéanfar measúnú ag brath, a bheag nó a mhór, ar an topaic a roghnófar agus ar na meáin ina gcuirfear an obair i láthair.


Treoirlínte chun an Measúnú Rangbhunaithe: Féin-anailís agus measúnú an scoláire a chur i gcrích

Leagtar amach i bhFíor 2 an próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Is é aidhm an phróisis seo treoir a thabhairt don mhúinteoir de réir mar a thacaíonn sé lena scoláire a Mheasúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích.



Fíor 2 An Próiseas a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh: Féin-anailís agus measúnú an scoláire

Ullmhúchán



Ullmhúchán an scoláire

Cé go bhfuil **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** dírithe ar mhachnamh, ba chóir go mbeadh dóthain eolais, scileanna agus tuisceana forbartha ag an scoláire chun an dara Measúnú Rangbhunaithe a dhéanamh. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Theicneolaíocht Fheidhmeach, a bhíonn ar bun go leanúnach, ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh leis athbhreithniú a dhéanamh ar a

chuid oibre/tascanna/déantúsán chun bonn eolais a chur faoi obair amach anseo a chabhróidh leis tabhairt go fónta faoi **Féin-anailís agus measúnú an scoláire**.

Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá luach foirmitheach aige agus ba chóir é a úsáid mar uirlis chun aiseolas a thabhairt don scoláire, do thuismitheoirí agus don mhúinteoir ar dhul chun cinn agus ar fhoghlaim an scoláire. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba chóir go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le cáilíocht a chuid oibre a mheas.

Ullmhúchán an mhúinteora

Ba chóir pleanáil le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnú eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire a fhorbairt de réir a chéile thar réimse torthaí foghlama na sonraíochta roimh an Measúnú Rangbhunaithe agus fad is a chuirtear i gcrích é. Ba chóir don mhúinteoir treoir agus tacaíocht a thabhairt don scoláire agus é ag cur an Measúnú Rangbhunaithe, **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** i gcrích, agus ba chóir dó an scoláire a chumasú agus a stiúradh.

Nuair is féidir, moltar go bpléadh an múinteoir an Measúnú Rangbhunaithe le comhghleacaithe, agus go bpleanálfadh sé aon teagasc agus foghlaim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Moltar don mhúinteoir an scoláire a éascú chun an bhaint atá ag an méid atá á fhoghlaim aige leis an ngnáthshaol a fheiceáil. Moltar cur chuige neamhlíneach i leith torthaí foghlama agus snáitheanna i sonraíocht na Teicneolaíochta Feidhmí. Tabharfaidh sé sin deis don scoláire idirghníomhaíochtaí, idirnaisc agus impleachtaí sna réimsí difriúla staidéir a fheiceáil. D'fhonn ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe, ba chóir don mhúinteoir eolas a chur ar na cáipéisí seo a leanas atá ar fáil ar www.curriculumonline.ie:

- Sonraíocht do Theicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí
- Teicneolaíocht Fheidhmeach na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe
- Samplaí anótáilte de shaothar scoláirí
- Measúnú agus Tuairisciú sa tSraith Shóisearach (<https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú>).

Measúnú Rangbhunaithe 2 a chur i gcrích



Cuirfear **Féinanailís agus meastóireacht an scoláire** i gcrích laistigh de thréimhse trí seachtaine. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, rachaidh an scoláire i ngleic le trí réimse gníomhaíochta, agus déanfaidh sé iad a thaifeadadh, rud a chabhróidh leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:

1. Féinanailís ar ghnéithe den obair chúrsa
2. Breithiúnais a thabhairt
3. An Measúnú Rangbhunaithe a Chur in Iúl

1. Féinanailís ar ghnéithe den obair chúrsa

D'fhonn ullmhú **d'Fhéinanailís agus meastóireacht an scoláire** de chuid an Mheasúnaithe Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire roinnt fianaise a choinneáil ar thionscadail a chuir sé i gcrích i gcaitheamh na chéad bliana agus/nó an dara bliain, nó sa dá bhliain araon, chun spreagthach tacúil a sholáthar dó d'fhonn a anailís agus a mheasúnú a dhéanamh. I dtaca leis an bhfianaise sin, ní gá don scoláire an tionscadal fisiciúil a choinneáil seachas gnéithe den obair a bheadh ina gcuidiú leis an scoláire chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. D'fhéadfadh an fhianaise a bheith san fhoirm a leanas:

- Cóip leictreonach de phunann
- Grianghraf den tionscadal
- Aon aiseolas doiciméadaithe ón múinteoir
- Cóipeanna den taighde a cuireadh i láthair mar chuid d'obair an tionscadail

Tabhair faoi deara, nach bhfuil san fhianaise thuasluaite ach sampla den mhéid is féidir a úsáid mar spreagthach don Mheasúnú Rangbhunaithe seo.

Nuair a dhéanann an scoláire píosa oibre nó réimse oibre a shainaithint, ní mór don scoláire ansin gnéithe éagsúla den obair chúrsa a shainaithint agus a anailísiú chun críche féinanailíse. Ba cheart don scoláire an dul chun cinn ina chuid scileanna go dtí seo a anailísiú i gcomparáid lena ghnéithe den obair chúrsa, agus réimsí láidreachta agus réimsí le feabhsú a shainaithint. D'fhéadfadh na nithe a leanas a bheith san áireamh le gnéithe den obair chúrsa sin:

- Taighde a dhéanamh
- Torthaí a anailísiú
- Saothar a chur i láthair
- Scileanna ginte smaointe
- Scileanna sceitseála
- Scileanna binse
- Scileanna meaisín
- Bailchríoch dheiridh

Tabhair faoi deara, nach bhfuil sna samplaí thuasluaite ach sampla den mhéid is féidir a úsáid mar ghnéithe den obair chúrsa don Mheasúnú Rangbhunaithe seo. Is féidir leis an scoláire an cinneadh a dhéanamh díriú go sonrach ar réimsí níos sainsiúla m.sh. leictreonaic mar chuid dá fhéinanailís agus dá mheastóireacht.

2. Breithiúnais a thabhairt

Nuair a bheidh a fhéinanailís agus a mheasúnú maidir leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo i dtaca lena chuid scileanna déanta ag an scoláire, iarrtar air breithiúnais a dhéanamh ar bhonn a chuid anailíse. Tá a bhreithiúnais ceaptha le cinntí sa todhchaí a threorú i dtéarmaí réimsí láidreachtaí agus réimsí le feabhsú. Ba cheart an scoláire a spreagadh chun cothromaíocht réimsí a fhiosrú i dtéarmaí láidreachtaí agus feabhsuithe d'fhonn machnamh cuimsitheach, réadúil a sholáthar don scoláire ar a chuid scileanna go dtí sin.

3. An Measúnú Rangbhunaithe a Chur in Iúl

Déanfaidh gach scoláire cur i láthair faoin méid a d'fhoghlaim sé ón bhféinanailís agus ón meastóireacht a rinne sé ar a chuid oibre go dtí seo. Ba cheart dó an fhaisnéis a chur i láthair ina chuid

focal féin chun a léiriú go bhfuil tuiscint phearsanta aige ar an eolas agus ar na smaointe a bhaineann leis go pearsanta. Ba cheart go spreagfaí an scoláire an fhaisnéis a shainaitheint lena gcuirtear a chuid oibre in iúl ar an mbealach is fearr agus an meán is oiriúnaí trína gcuirfear i láthair í a roghnú.

Fianaise ar fhoghlaim

Is féidir freagairt an scoláire dá Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i dtoll a chéile i cibé leagan amach atá oiriúnach chun machnamh an scoláire a ghabháil. Mar shampla:

- I scríbhinn, amhail tuarascáil
- I bhfoirm dhigiteach, amhail blog, físeán nó cur i láthair le sleamhnáin
- I bhfoirm amhairc, amhail cur i láthair grafach nó taispeántas
- I bhfoirm fuaime, amhail podchraoladh nó guthú

Ní liosta uileghabhálach é seo, níl ann ach samplaí den chaoi a bhféadfaí an Measúnú Rangbhunaithe a chur i láthair.

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh



Na Gnéithe Cáilíochta

Is ann do cheithre thuarisceoir leibhéal gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.* Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuarisceoir sin. Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an mhúinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas ‘ar an iomlán’. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (ag tosú le Níor chomhlíon na hionchais go fóill) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Cé gur chóir a thabhairt faoi deara nach dtugann aon tuairisceoir gnóthachtáil gan locht le fios, ba chóir go mbeadh an fhianaise ar an obair nuair a bhronntar Thar barr ar fad an-ghar do na critéir uile don leibhéal sin sna Gnéithe Cáilíochta. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d’obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ‘ar an iomlán’ ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile. Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláirí a fhoilsítear ar <https://curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle-Subjects/Applied-Technology> le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, agus é d’aidhm leo comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeán agus ar ionchais; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoirínte leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith na gcruinnithe Athbheithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Na Gnéithe Cáilíochta: Féinanailís agus Meastóireacht	
<p>Thar barr ar fad</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainaithin an scoláire raon leathan gnéithe den obair chúrsa, lena ligtear dó breithnithe mionsonraithe léirsteanacha agus féinanailís chuimsitheach a dhéanamh ar fhorbairt a scileanna go dtí seo. ▪ Rinneadh breithiúnais chriticiúla ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le feabhsú agus léiríodh leibhéal sármhaith na feasachta ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Tá cur i láthair na dtorthaí ar chaighdeán sármhaith; agus úsáid á baint as meán éifeachtach lena raibh deis machnamh criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl ar an mbealach is fearr.
<p>Os cionn na n-ionchas</p> <p>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainaithin an scoláire raon leathan gnéithe den obair chúrsa, lena ligtear dó breithnithe mionsonraithe agus féinanailís ghrinn de chineál éigin a dhéanamh ar fhorbairt a scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le feabhsú mionsonraithe agus léiríodh leibhéal an-ard feasachta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Cuirtear na torthaí i láthair ar chaighdeán an-ard, agus meán éifeachtach á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis lena gcuirtear an Measúnú Rangbhunaithe in iúl go cruinn.
<p>Ag teacht leis na hionchais</p> <p>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainaithin an scoláire raon gnéithe d'obair chúrsa, trína mbíonn sé in ann breithnithe bailí agus féinanailís ábhartha de chineál éigin a dhéanamh ar fhorbairt a chuid scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le feabhsú soiléir agus léiríodh roinnt feasachta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Cuirtear na torthaí i láthair go maith, agus meán iomchuí á úsáid, le machnamh cúramach ar an bhfaisnéis is tábhachtaí chun an Measúnú Rangbhunaithe a chur in iúl ar an mbealach is fearr.
<p>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Shainaithin an scoláire raon an-bheag de ghnéithe den obair chúrsa, lena soláthraítear breithniú teoranta agus féinanailís teoranta ar fhorbairt a chuid scileanna go dtí seo. ▪ Bhí na breithiúnais a rinneadh ar réimsí láidreachtaí agus ar réimsí le feabhsú doiléir agus léiríodh feasacht teoranta leo ar an dóigh a dtreorófaí obair sa todhchaí leo sin. ▪ Cuirtear na torthaí i láthair i bhformáid neamhoiriúnach agus mar thoradh air sin cuirtear a Mheasúnú Rangbhunaithe in iúl go neamhéifeachtach.

Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d’obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo:

- d’fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe
- foilseofar samplaí anótáilte d’obair scoláirí ar www.curriculumonline.ie

Na chéad chéimeanna eile



Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d’obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d’obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar/taifeadfar samplaí de **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainithneoidh gach múinteoir sampla amháin d’obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaime nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcemara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir fearas scoile seachas fearas pearsanta a úsáid. Ba chóir aird a thabhairt ar threoirlínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha agus cosanta sonraí na scoile. [Ní bhaineann sé seo ach leis na hábhair ina dtaifeadfar na scoláirí]

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus ar líne ar <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/cruinnithe-afmá>

Torthaí ó na Measúnuithe Rangbhunaithe a thaifeadh agus a thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach dá Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach féidir obair a phlé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba chóir ‘Neamhthuairiscithe’ a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais faoi thuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ar: <https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Tuairisceáin/An-Tionscadal-Bunachar-Sonraí-ar-Líne-d’Iar-Bhunscoileanna-P-POD-/P-POD.html>

Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach faoi **Féin-anailís agus measúnú an scoláire** a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú,

a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi aiseolas a úsáid le fáil ag <https://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shóisearach/measúnú-agus-tuairisciú/díriú-ar-an-bhfoghlaim>.

Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

An measúnú deiridh stát-deimhnithe

Beidh na treoracha ar fad don mheasúnú deiridh stát-deimhnithe i dtreoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Beidh sí ar fáil don scoláire sa tríú bliain den tSraith Shóisearach.

Aguisín A: Teimpléad taighde an scoláire.

Teideal an Mheasúnaithe Rangbhunaithe:	
Teideal do thionscadail	
Ainm an scoláire:	
An modh taighde:	Taighde príomhúil <input type="checkbox"/>
	Taighde tánaisteach <input type="checkbox"/>
Tabhair breac-chuntas gairid ar chuspóir an taighde	
An modh taighde: Mínigh go hachomair cén fáth ar roghnaigh tú do mhodh taighde	
Foinsí: Liostaigh d'fhoinse/d'fhoinsí faisnéise	
Achoimre: Tabhair achoimre ghearr ar an méid a fuair tú amach mar thoradh ar do chuid taighde	
Measúnú ar na torthaí: Smaoinigh go criticiúil ar na ceistanna seo a leanas agus scríobh freagra gearr	
(a) An raibh do chuid torthaí mar a bhíodhas ag súil leo a bheith? Cén fáth?	
(b) An bhfuil foinse do thaighde iontaofa? Cén fáth?	

(c) An bhfuil an fhaisnéis leataobhach nó claonta? Cén fáth?

Táta! Bunaithe ar do chuid torthaí, cad iad do phríomhbhreathnuithe

Aguisín B: Tacaíocht do bhreithiúnas an mhúinteora: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Cuireann cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhleanúnachas a bhaint amach ar bhonn comhoibríoch ina mbreithiúnais ar obair an scoláire i gcoinne Gnéithe Cáilíochta coiteanna, a leagtar síos go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais de réir a chéile de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar cháilíocht obair a gcuid scoláirí féin, agus treoir acu ó shonraíocht ábhair, treoirlínte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna soláthar ag CNCM.

Forléargas

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí ag plé obair na scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige ag cuidiú le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar an bhfianaise d'obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a thacaíonn leis an obair sin a chomhroinnt.

Is iad cuspóirí an phróisis athbhreithnithe an méid seo a leanas a bhaint amach:

- comhsheasmhacht níos fearr i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- ailíniú níos fearr idir breithiúnais agus caighdeán a bhfuiltear ag súil leo

agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantais iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh soláthar i bhféilire na scoile don tréimhse a thógfaidh cruinnithe athbhreithnithe ón 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a leithroinnfear ar gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Dáilfidh

bainistíocht na scoile dhá uair an chloig eile ar mhúinteoir amháin i ngach ábhar chun gach cruinniú athbhreithnithe a ullmhú agus a chomhordú. Beidh gach múinteoir ábhartha i mbun an róil sin ar a sheal.

Beidh gach cruinniú:

- ag baint go sonrach le hábhar amháin
- thart ar dhá an chloig ar fad
- ar bun chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- ag plé le hathbhreithniú ar obair scoláirí a bhaineann le Measúnú Rangbhunaithe sonrach.

Nuair atá múinteoir aonair ábhair i scoil, is féidir an múinteoir a éascú le páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le scoil eile. I gcás Gaelscoile, is féidir leis an múinteoir aonair ábhair páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le Gaelscoil eile.

Treoir an Éascaitheora

Tabharfaidh na múinteoirí faoi ról an éascaitheora i rith cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar a seal. Tabharfaidh an t-éascaitheoir eiseamláirí de cheistiú éifeachtach i rith an chuir agus cúitimh ar shamplaí d'obair scoláirí a dhíríonn ar chomh maith agus a dtagann obair na scoláirí leis na Gnéithe Cáilíochta. I rith na gcruinnithe athbhreithnithe, nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir ba chóir a chur i bhfeidhm, ba chóir don ghrúpa fianaise a lorg in obair an scoláire a thagann leis na Gnéithe Cáilíochta ar fad, nó iad ar fad beagnach, a bhaineann le tuairisceoir ar leith. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas na múinteoirí sa chruinniú athbhreithnithe an tuairisceoir is fearr a thagann 'ar an iomlán' leis an obair atá á mheasúnú a roghnú. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuarascáil ghairid (léigh Aguisín B) ar an gcruinniú athbhreithnithe faoi bhráid phríomhoide na scoile.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phlean dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Roimh an gcruinniú

Ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh sé cabhrú leis na múinteoirí dá n-athbhreithneoidís cuid de na samplaí anótáilte ábhartha ó CNCM sula gcinneann siad aon rud faoi obair a scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn a Mheasúnú Rangbhunaithe curtha i gcrích ag scoláire, déanfaidh an múinteoir réamh-mheasúnú ar obair an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. Féadfar na réamh-mheasúnuithe sin a mhodhnú i bhfianaise an phlé a tharlaíonn ag an gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir nóta den tuairisceoir a bhronntar ar gach scoláire agus aon phointe eile a dteastódh uaidh a úsáid mar thagairt i rith an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair nó ina dhiaidh. Is d'úsáid phearsanta an mhúinteora an nóta sin.

Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaitheoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil lena bplé ag an gcruinniú.

I rith an chruinnithe

Stiúrann an t-éascaitheoir an cruinniú agus coinníonn sé taifead ar na cinntí a rinneadh i dteimpléad, a úsáidtear chun tuarascáil an chruinnithe a chur i dtoll a chéile (léigh Aguisín B). Moltar go gcloífeadh an cruinniú leis an sceideal ginearálta seo:

- Míniúnn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an chruinnithe tacú le comhsheasmhacht i mbreithiúnas faoi obair na scoláirí agus tuiscint choiteann a fhorbairt faoi chaighdeán foghlama na scoláirí. Ba chóir aird a tharraingt freisin ar luach an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláire faoin gcaoi a bhféadfadh sé a chuid oibre a fheabhsú.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar chomhalta foirne amháin sampla oibre a chur i láthair a mheasúnaigh sé mar *Níor chomhlíon na hionchais go fóill*.
- I ndiaidh réamhrá gairid an mhúinteora, stiúrann an t-éascaitheoir plé ginearálta ar a mhéad a dtagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má dheimhníonn an cruinniú an breithiúnas, breacann an t-éascaitheoir é sin i dtaifead an chruinnithe.
- Má tá easaontas ann, ba chóir don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do na samplaí anótáilte ábhartha d'obair scoláirí a chuir CNCM ar fáil agus, más cuí, cúpla sampla d'obair scoláirí a mheasúnaigh múinteoirí eile sa ghrúpa agus ar bhronn siad an tuairisceoir sin air.

- Ba chóir don éascaitheoir iarracht a dhéanamh comhaontú a bhunú i rith an phlé ar shamplaí ach ba chóir díriú ar eolas agus scileanna gairmiúla na múinteoirí a fhorbairt seachas ar chomhaontú gach múinteora a fháil ar na Gnéithe Cáilíochta ar fad i ngach sampla.
- Ba chóir díriú i gcónaí i rith na gcrúinnithe athbhreithnithe nuair atá breithiúnais á ndearbhú ar chur chuige ‘na rogha is oiriúnaí’ a chuireann ar chumas na múinteoirí an tuairisceoir is fearr a oireann ‘ar an iomlán’ don obair atá á mheas a roghnú.
- Cé gur chóir am réasúnta a chur ar fáil don chur agus cúiteamh, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil a úsáid chun a chinneadh cén uair is cuí dul ar aghaidh go dtí an chéad sampla eile.
- Más féidir, ba chóir dhá shampla ar a laghad a phlé le haghaidh gach tuairisceora agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go bpléitear sampla amháin ar a laghad ó gach múinteoir i rith an chruinnithe.
- Tugtar faoin bpróiseas céanna arís chun samplaí a measúnaíodh mar *Ag teacht leis na hionchais, Os cionn na n-ionchas agus Thar barr ar fad* a phlé agus a roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, tugann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar phríomhphointí an chuir agus cúitimh.
- Tá sé tábhachtach go dtugann gach múinteoir aird ar impleachtaí na gcinntí a dhéantar sa chruinniú don chuid eile d’obair na scoláirí a mheasúnaigh siad cheana féin, go háirithe i gcás tuairisceoirí nár tháinig a mbreithiúnas le tuairimí thromlach na múinteoirí sa chruinniú.

I ndiaidh an chruinnithe

I ndiaidh an chruinnithe, déanfaidh gach múinteoir machnamh ar an measúnú ar obair a scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar na measúnuithe sealadacha. I ndiaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, cuireann an t-éascaitheoir a thuarascáil ón gcrúinniú faoi bhráid phríomhoide na scoile. Díritear sa tuarascáil ar thorthaí an chuir agus cúitimh ar obair na scoláirí sa chruinniú.

Féadfaidh an t-éascaitheoir iarraidh ar na múinteoir, más maith leis, roinnt d’obair a scoláirí a chur leis an taise samplaí:

- chun tacú le hionduchtúcháin múinteoirí nua
- chun tacú le cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo

- chun úsáid le scoláirí agus tuismitheoirí chun an caighdeán oibre a baineadh amach a léiriú.

Aguisín C: Cruinniú Athbhreithnithe ar

Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair:

Tuarascáil an Éascaitheora

Ábhar:	Dáta/am:
Daoine i láthair	
Na príomhchinntí a rinneadh	
Pointí le tabhairt faoi deara i gcruinnithe athbhreithnithe amach anseo	
Aon cheo eile?	

Éascaitheoir

Dáta

